RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1009 ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Meitheamh 2022

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha sonracha áirithe i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 an 18 Iúil 2005 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Iúil 2005, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

(2) I ndiaidh bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta i gcás T-108/21 ([2]), ba cheart iontráil amháin a scriosadh ó liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn Ia ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo í.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 27 Meitheamh 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. PANNIER-RUNACHER

([1]) IO L 193, 23.7.2005, p. 1.
([2]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 27 Aibreán 2022, *Ferdinand Ilunga Luyoyo v. Comhairle an Aontais Eorpaigh*, T-108/21, ECLI:EU:T:2022:253.

IARSCRÍBHINN

Scriostar an iontráil seo a leanas ón liosta a leagtar amach i Roinn A ("Daoine") d'Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle:

"3. Ferdinand Ilunga LUYOYO".